# Ráiteas um Chumhdach Leanaí

De réir cheanglais Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, maidir le Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an tAguisín le Leanaí Ar dtús (2019), Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus Leas Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas, 2ú heagrán. (Tusla, 2024), tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus an Measúnú Riosca atá leagtha amach sa cháipéis seo glactha ag an mbord bainistíochta.

Tá Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 na roinne glactha ag an mbord bainistíochta agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad go hiomlán agus gan mhodhnú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chumhdach Leanaí agus den Mheasúnú Riosca seo.

Ainm an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

| ORLA NÍ FHICHEALLAIGH |
|---|

Ainm an Leas- Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA/LDIA)

| MAOILÍOSA Ó DUBHTHAIGH |
|---|

*In éagmais an DIA, glacfaidh an Leas-DIA freagrachtaí an DIA.*

Ainm an Duine Ábhartha

| ORLA NÍ FHICHEALLAIGH |
|---|

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Duine Ábhartha ar:

| Guthán: 01 2950000 nó r-phost: priomhoide@taobhnacoille.ie |
|---|

*Faoin Acht um Leanaí ar Thús 2015 ciallaíonn Duine Ábhartha duine atá ceaptha ag soláthraí seirbhíse ábhartha mar an gcéad phointe teagmhála i leith an Ráitis um Chumdach Leanaí. Ainmníonn an bord bainistíochta an duine seo chun imní/líomhaintí maidir le mí-úsáid leanaí a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh orthu.*

Ainm Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

| MÁIRE MAC GABHANN |
|---|

*I gcás go bhfuil an DIA agus an LDIA as láthair agus nach bhfuil siad ar fáil, agus i gcás nach bhfuil aon bhall foirne ag gníomhú go foirmiúil ina ról, glacann cathaoirleach an bhoird bhainistíochta, ról an DIA.*

Aithníonn an bord bainistíochta go bhfuil cosaint agus cumhdach leanaí fite fuaite le gach gné de shaol na scoile agus gur gá é sin a léiriú i ngach polasaí, nósanna imeachta, cleachtas agus gníomhaíocht na scoile. I ngach ceann de na cásanna seo, cloífidh an scoil leis na prionsabail seo a leanas maidir le deachleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil:

- A aithint go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar gach breithnithe eile;
- cloí go hiomlán a hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus comhlíonfaidh sí reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha i ndáil le cúrsaí cosanta agus leasa leanaí.
- cleachtais shábháilte a ghlacadh chun an fhéidearthacht go ndéanfaí dochar do leanaí a íoslaghdú agus baill foirne na scoile a chosaint ar an ngá rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad a fhágáil i mbaol cúisimh míúsáide leanaí.
- cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht thuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí a spreagadh;
- Urraim iomlán a thabhairt do cheanglais rúndachta mar atá leagtha amach i Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus déileáil á déanamh le cúrsaí cosanta leanaí. Cloí leis na prionsabail thuasluaite i ndáil le haon duine fásta leochaileach.

**Nósanna Imeachta agus Bearta atá i bhFeidhm**

Forbraíodh ár Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus ár Measúnú Riosca i gcomhréir le ceanglais faoin Acht um Leanaí ar dtús 2015, an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015: Treoir Náisiúnta 2017, agus Cosaint Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas, 2ú heagrán. (Tusla, 2024), agus na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025. Chomh maith leis na nósanna imeachta atá liostaithe inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas lenár nintinn leanaí a chosaint agus iad ag baint leasa as ár seirbhís:

**Nós Imeachta maidir le Bainistiú Líomhaintí Mí-Úsáide nó Mí-Iompair i gcoinne Pearsanra Scoile a Bhaineann le Leanbh atá ag Baint Úsáide as ár Seirbhís**

- I gcás ina mbíonn aon bhall de phearsanra na scoile faoi réir aon imscrúdaithe i leith aon ghnímh, neamhghníomh nó imthosca a bhaineann le leanbh atá ag freastal ar an scoil, ceanglaítear ar an scoil cloí leis na nósanna imeachta ábhartha a leagtar amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus leis na nósanna imeachta araíonachta ábhartha comhaontaithe do bhaill foirne na scoile atá foilsithe ar shuíomh gréasáin gov.ie.

**Nós Imeachta maidir le hEarcaíocht agus Roghnú Sábháilte Pearsanra Scoile chun Obair le Leanaí**

- Tá sé de dhualgas ar an scoil cloí le ceanglais an Achta Grinnfhiosrúcháin. Éilíonn roghnú nó earcaíocht foirne agus a noiriúnacht chun oibriú le páistí ar an scoil cloí le

ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha) 2012 go 2016, agus leis an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciorcláin ábhartha grinnfhiosrúcháin agus earcaíochta an Gharda Síochána arna bhfoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Óige agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie agus mar a leagtar amach i gCaibidil 10 de na nósanna imeachta.
- Tá prótacal scríofa i bhfeidhm lena núdaraítear gníomh láithreach i gcásanna ina gceanglaítear ar fhostaí a bheith as láthair ón scoil láithreach ar chúiseanna cosanta leanaí.

**Nós Imeachta maidir le Soláthar Oiliúint agus Faisnéise maidir le Cosaint Leanaí agus Rochtain orthu, lena náirítear Aithint Tharla an Díobhála**

Cuireann an scoil faisnéis agus oiliúint ar fáil do bhaill foirne na scoile maidir le sainaithint tarlaithe díobhála (mar a shainmhínítear in Acht 2015) mar seo a leanas:

- Tá cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca na scoile curtha ar fáil ag an scoil do gach ball de phearsanra na scoile, lena náirítear aon bhaill nua de phearsanra na scoile, (fostaithe agus oibrithe deonacha, baill den bhord bainistíochta, múinteoirí faoi oiliúint agus iad siúd atá ar thaithí oibre).
- Cinntíonn sé go bhfuil oiliúint ábhartha faighte ag baill de phearsanra na scoile agus go bhfuil oiliúint ar chosaint leanaí críochnaithe acu.
- Spreagann sé baill an bhoird bhainistíochta chun leas a bhaint as aon oiliúint ábhartha agus oiliúint ar chosaint leanaí a chríochnú.
- Cinntíonn an bord bainistíochta go gcoimeádtar taifid ar oiliúint chosanta leanaí na foirne agus na gcomhaltaí boird go léir.

**Nós Imeachta maidir le Tuairisciú Imní maidir le Cosaint nó Leas Leanaí chuig Tusla**

- Ceanglaítear ar gach ball de phearsanra na scoile cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025, maidir le himní faoi chosaint leanaí a thuairisciú do Tusla. Baineann tuairisciú éigeantach le gach múinteoir cláraithe agus le haon duine eile atá faoi chúram na scoile, mar shampla séiplíneach nó altra. Tá liosta iomlán de na daoine sin atá ina ndaoine sainordaithe leagtha amach in Aguisín 1 de na nósanna imeachta.

**Nós Imeachta maidir le Liosta a Choinneáil de na Daoine (más ann dóibh) sa tSeirbhís Ábhartha ar Daoine Sainordaithe iad**

- Tá nós imeachta i bhfeidhm chun liosta de dhaoine sainordaithe a choinneáil. Féadfaidh scoileanna foireann bhreise a fhostú ó am go ham a bhfuil sainordú acu de bhua a ngairme. Beidh na múinteoirí cláraithe uile san áireamh sa liosta seo agus sainaithneofar fostaithe breise nach múinteoirí cláraithe iad.

**Nós Imeachta chun Duine Ábhartha a Cheapadh (i scoileanna is é an DIA an duine seo)**

- Tá nós imeachta i bhfeidhm chun duine ábhartha a cheapadh.

Is féidir rochtain a fháil ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus sa Mheasúnú Riosca seo trí shuíomh gréasáin na scoile, suíomh gréasáin gov.ie nó cuirfear ar fáil iad ag an scoil ar iarratas.

De réir Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus an Aguisín leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2019 agus 2025, na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025, rinne an bord bainistíochta measúnú ar aon fhéidearthacht go ndéanfadh leanbh dochar agus é/í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Cuirtear measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainaithníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

**Tabhair ar aird: Níl sé beartaithe gur liosta uileghabhálach é na nósanna imeachta agus na bearta atá i bhfeidhm atá leagtha amach thuas. Cuirfidh boird bhainistíochta aonair nósanna imeachta agus bearta eile a bhaineann leis an scoil san áireamh sa chuid seo freisin.**

Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile nó cuirfear ar fáil í ar iarratas ón scoil. Tá sé curtha ar fáil do gach ball de fhoireann na scoile, do chumann na dtuismitheoirí (más ann), don phátrún agus do thuismitheoirí. Cuirfear cóip den ráiteas seo agus den mheasúnú riosca ar fáil do Tusla agus don roinn má iarrtar é.

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus ar an Measúnú Riosca seo nó a luaithe is féidir tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar lena mbaineann an ráiteas seo.

Ghlac an Bord Bainistíochta an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo ar an 21/09/2026

Sínithe:
Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta Bhainistíochta

Dáta: 21/09/2026

Sínithe:
Príomhoide/Rúnaí an Bhoird

Dáta: 21/09/2026

# Child Safeguarding Statement

In accordance with the requirements of the Children First Act 2015, Children First: National Guidance for the Protection and Welfare of Children 2017, the Addendum to Children First (2019) and 2025, Child Protection Procedures for Schools 2025 and Child Safeguarding: A Guide for Policy, Procedure and Practice, 2nd ed. (Tusla, 2024), the board of management has adopted the Child Safeguarding Statement and Risk Assessment set out in this document.

The board of management has adopted and will implement fully and without modification the department's Child Protection Procedures for Schools 2025 as part of this overall Child Safeguarding Statement and Risk Assessment.

Name of the Designated Liaison Person (DLP)

| ORLA NÍ FHICHEALLAIGH |
|---|

Name of the Deputy Designated Liaison Person (Deputy DLP / DDLP)

| MAOILÍOSA Ó DUBHTHAIGH |
|---|

*in the absence of the DLP, the Deputy DLP shall assume responsibilities of the DLP*

Name of Relevant Person

| ORLA NÍ FHICHEALLAIGH |
|---|

Relevant Person can be contacted on:

| Phone: 01 2950000 or e-mail: priomhoide@taobhnacoille.ie |
|---|

*Under the Children First Act 2015 Relevant Person means a person who is appointed by a provider of a relevant service to be the first point of contact in respect of the Child Safeguarding Statement. This person is nominated by the board of management to manage and provide oversight of child protection concerns/allegations of child abuse.*

Name of Chairperson of the Board of Management

| MÁIRE MAC GABHANN |
|---|

*In the event that both DLP and DDLP are absent and unavailable, and where there is no staff member formally acting in their role, the chairperson of the board of management assumes the role of DLP.*

The board of management recognises that child protection and safeguarding permeate all aspects of school life and must be reflected in all of the school's policies, procedures, practices and activities. In all of these, the school will adhere to the following principles of best practice in child protection and welfare. The school will:

- Recognise that the protection and welfare of children is of paramount importance, regardless of all other considerations.
- Fully comply with its statutory obligations under the Children First Act 2015 and other relevant legislation relating to the protection and welfare of children.
- Fully cooperate with the relevant statutory authorities in relation to child protection and welfare matters.
- Adopt safe practices to minimise the possibility of harm happening to children and protect members of school personnel from the necessity to take unnecessary risks that may leave themselves open to accusations of child abuse.
- Develop a practice of openness with parents and encourage parental involvement in the education of their children.
- Fully respect confidentiality requirements as set out in the Child Protection Procedures for Schools 2025 in dealing with child protection matters.
- Adhere to the above principles in relation to any vulnerable adult.

**Procedures and Measures in Place**

Our Child Safeguarding Statement and Risk Assessment has been developed in line with requirements under the Children First Act 2015, the Children First: National Guidance 2017, and Child Safeguarding: A Guide for Policy, Procedure and Practice, 2nd ed. (Tusla, 2024), and the Child Protection Procedures for Schools 2025. In addition to the procedures listed in our risk assessment, the following procedures support our intention to safeguard children while they are availing of our service:

**Procedure for the Management of Allegations of Abuse or Misconduct against School Personnel Relating to a Child Availing of Our Service**

- Where any member of school personnel is the subject of any investigation in respect of any act, omission or circumstance in relation to a child attending the school, the school is required to adhere to the relevant procedures set out in Chapter 7 of the Child Protection Procedures for Schools 2025 and to the relevant agreed disciplinary procedures for school staff which are published on the gov.ie website

**Procedure for the Safe Recruitment and Selection of School Personnel to Work With Children**

- The school is required to adhere to the requirements of the Vetting Act. The selection or recruitment of staff and their suitability to work with children, requires the school to adhere to the statutory vetting requirements of the National Vetting Bureau (Children and Vulnerable Persons) Acts 2012 to 2016, and to the wider duty of care guidance set out in relevant Garda vetting and recruitment circulars

published by the Department of Education and Youth and available on the gov.ie website and as outlined in Chapter 10 of the procedures.

- A written protocol is in place authorising immediate action for cases which require an employee to be immediately absented from school for child safeguarding reasons.

**Procedure for Provision of and Access to Child Safeguarding Training and Information, Including the Identification of the Occurrence of Harm**

The school provides information and training to members of school personnel in relation to the identification of the occurrence of harm (as defined in the 2015 Act) as follows:

- The school has provided each member of school personnel, including any new members of school personnel, (employees and volunteers, board of management members, student teachers and those on work experience) with a copy of the school's Child Safeguarding Statement and Risk Assessment.
- The school ensures that members of school personnel have availed of relevant training and completed child protection training.
- The school encourages board of management members to avail of any relevant training and complete child protection training.
- The board of management ensures that records of all staff and board member child protection training are maintained.

**Procedure for the Reporting of Child Protection or Welfare Concerns to Tusla**

- All members of school personnel are required to adhere to the procedures set out in the Child Protection Procedures for Schools 2025, in relation to reporting of child protection concerns to Tusla. Mandated reporting applies to all registered teachers and any other mandated person who may be employed by the school, for example a chaplain or nurse. A full list of those people who are mandated persons is set out in Appendix 1 procedures.

**Procedure for Maintaining a List of the Persons (if any) in the Relevant Service Who Are Mandated Persons**

- There is a procedure in place to maintain a list of mandated persons. Schools may on occasion employ additional staff who are mandated by virtue of their profession. This list will include all registered teachers and identify additional employees that are not registered teachers.

**Procedure for Appointing a Relevant Person (In schools this person is the DLP)**

- There is a procedure in place for appointing a relevant person.

The various procedures referred to in this Child Safeguarding Statement and Risk Assessment can be accessed via the school's website, the gov.ie website or will be made available on request by the school.

In accordance with the Children First Act 2015, the Addendum to Children First 2019 and 2025, and the Child Protection Procedures for Schools 2025, the board of management has carried out an assessment of any potential for harm to a child while attending the school or participating in school activities. A written assessment setting out the areas of risk identified and the school's procedures for managing those risks is included with the Child Safeguarding Statement.

**Note: The procedures and measures in place outlined above, are not intended as exhaustive list. Individual boards of management shall also include in this section such other procedures and measures that are of relevance to the school.**

This statement has been published on the school's website or will be made available on request by the school. It has been provided to all members of school personnel, the parents' association (if any), the patron and parents. A copy of this statement and risk assessment will be made available to Tusla and the department if requested.

This Child Safeguarding Statement and Risk Assessment will be reviewed annually or as soon as practicable after there has been a material change in any matter to which this statement refers.

This Child Safeguarding Statement was adopted by the Board of Management on <u>21/09/2026</u>

Sínithe:
Chairperson Board of Management

Dáta: 21/09/2026

Sínithe:
Principal/Secretary Board of Management

Dáta: 22/09/2026